Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**15786/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0327(NLE)**

**RC 61**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COMM (2022) 327 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE maidir le hAirteagail 93, 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm i dtaca le catagóirí áirithe Státchabhrach in earnálacha an iompair ar iarnród, an iompair ar uiscebhealaí intíre agus an iompair ilmhódaigh<br>*- Glacadh* |

1. An 6 Iúil 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le hAirteagail 93, 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm i dtaca le catagóirí áirithe Státchabhrach in earnálacha an iompair ar iarnród, an iompair ar uiscebhealaí intíre agus an iompair ilmhódaigh[1].

2. Is é cuspóir an togra seo a cheadú don Choimisiún cineálacha áirithe beart Státchabhrach a dhíolmhú ón nós imeachta um fhógra a thabhairt go rialta le Rialachán Blocdhíolúine amach anseo.

3. Rinne an Mheitheal um Iomaíocht anailís ar an togra le linn na gcruinnithe a bhí aici an 8 Meán Fómhair 2022 agus an 26 Meán Fómhair 2022, agus bhí roinnt leasuithe teoranta ar an togra tosaigh mar thoradh orthu.

4. Thug Parlaimint na hEorpa a tuairim uaithi an 13 Nollaig 2022.

[1] 11552/22.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, na nithe seo a leanas a mholadh don Chomhairle, mar mhír 'A' ag ceann de na seisiúin eile a bheidh aici amach anseo:

– an Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh, arna athbhreithniú ag na dlítheangeolaithe, agus mar a leagtar amach in 13068/22.

– a iarraidh go bhfoilseofaí an Cinneadh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ar mhaithe le faisnéis.